Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Márta 2019**
**(OR. en)**

**7650/19**

**ATO 33**
**ENER 183**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7073/19 ATO 27 ENER 141 |
| Ábhar: | An chéad athbhreithniú téamach piaraí Eorpach ar an tsábháilteacht núicléach<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Márta 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcéad athbhreithniú téamach piaraí Eorpach ar an tsábháilteacht núicléach, a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ar an 18 Márta 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**An chéad athbhreithniú téamach piaraí Eorpach ar an tsábháilteacht núicléach**

Ag aithint an méid seo a leanas:

- Faoi Airteagal 8e den Treoir leasaithe maidir leis an tSábháilteacht Núicléach[1], cuireadh tús leis an gcéad Athbhreithniú Téamach Piaraí (ATP) in 2017[2] agus déanfar athbhreithnithe téamacha piaraí ar a laghad gach sé bliana tar éis sin. 19 dtír (16 Bhallstát agus trí thír nach Ballstáit iad), mar aon leis an gCoimisiún ina cháil mar bhreathnóir, a bhí rannphháirteach sa chéad ATP;
- Shainaithin Grúpa Rialtóirí na hEorpa um Shábháilteacht Núicléach (ENSREG) bainistiú an aosaithe mar ábhar don chéad Athbhreithniú Téamach Piaraí lenar clúdaíodh stáisiúin núicléacha agus imoibreoirí taighde a bhfuil cumhacht teirmeach de 1MW nó níos mó acu;
- Bunaithe ar obair ullmhúcháin a rinne ENSREG agus WENRA (an Comhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach), d'fhorbair agus d'fhoilsigh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh trína n-údaráis rialála inniúla náisiúnta, na tuarascálacha measúnachta náisiúnta;
- Rinne na Ballstáit, ag gníomhú dóibh trína n-údaráis rialála inniúla náisiúnta, mar aon leis an gCoimisiún ina cháil mar bhreathnóir, athbhreithniú piaraí ar na tuarascálacha measúnachta náisiúnta;
- Bhí an Coimisiún gníomhach i bpróiseas an athbhreithnithe théamaigh piaraí agus thacaigh sé leis trí shocruithe lóistíochta agus riaracháin a sholáthar; ina theannta sin, chuir an Coimisiún rúnaíocht ar fáil don Bhord. Anuas air sin, chuir an Coimisiún deiseanna ar fáil do rannphháirtíocht an phobail mar aon le faisnéis faoin bpróiseas agus tuarascálacha maidir le toradh an athbhreithnithe théamaigh piaraí;

[1] Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach gléasraí núicléacha

[2] Rinneadh an obair idir mí an Mheithimh 2015 agus mí Dheireadh Fómhair 2018. Cuireadh bailchríoch ar na tuarascálacha náisiúnta ag deireadh 2017 agus bhí an próiseas athbhreithniúcháin piaraí ar siúl le linn 2018.

- D'fhonn cur le trédhearcacht fhoriomlán na saincheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht núicléach, d'eagraigh an Coimisiún, na Ballstáit agus ENSREG imeachtaí éagsúla chun an comhairliúchán leis an bpobal agus a rannpháirtíocht a fheabhsú a thuilleadh ó cheann ceann an phróisis; foilsíodh na tuarascálacha measúnachta náisiúnta ar fad chomh maith leis na ceisteanna ó na geallsealbhóirí agus na freagraí a tugadh ar na ceisteanna sin agus, ina theannta sin, na torthaí sonracha de réir tíre, ar shuíomh gréasáin ENSREG;
- Chomhaontaigh ENSREG an tuarascáil athbhreithnithe piaraí i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus d'fhoilsigh sé ar a shuíomh gréasáin í;
- Is í príomhchonclúid an athbhreithnithe piaraí go bhfuil, sna tíortha uile a bhfuil stáisiúin núicléacha iontu, cláir maidir le bainistiú an aosaithe. D'ainneoin nár sainaithníodh aon mhóreasnaimh sa rialáil agus sa chur chun feidhme ar an leibhéal Eorpach a bhaineann leis na cláir maidir le bainistiú an aosaithe i leith stáisiúin núicléacha, sainaithníodh san athbhreithniú réimsí ina bhféadfadh tuilleadh oibre cur le bainistiú an aosaithe, go háirithe cláir níos córasaí agus níos cuimsithí maidir le bainistiú an aosaithe i leith imoibreoirí taighde. Anuas air sin, sainaithníodh san athbhreithniú go bhfuil dúshláin fós ann ar an leibhéal Eorpach amhail cad iad na modhanna inar ceart meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gclár maidir le bainistiú an aosaithe agus leagadh béim ar dhea-chleachtais amhail an úsáid a bhaintear as seirbhísí seachtracha athbhreithnithe piaraí chun measúnú neamhspleách a dhéanamh ar chláir na sealbhóirí ceadúnais maidir le bainistiú an aosaithe;
- Ullmhóidh ENSREG plean gníomhaíochta ina leagfar amach an chaoi a dtabharfar aghaidh ar dhúshláin ATP agus, san am céanna, ullmhóidh na tíortha rannpháirteacha plean gníomhaíochta náisiúnta maidir le cur chun feidhme a dtorthaí tír-shonracha, agus foilseofar na pleananna sin faoi mhí Mheán Fómhair 2019.

**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

***Réamhrá***

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac agus gur fhoilsigh ENSREG tuarascáil an chéad athbhreithnithe théamaigh piaraí faoin Treoir leasaithe maidir leis an tSábháilteacht Núicléach.
2. AITHNÍONN SÍ go raibh an próiseas, mar a chuir na Ballstáit agus ENSREG i ngníomh é, i gcomhar leis an gCoimisiún, oscailte, trédhearcach agus cuimsitheach, agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur den riachtanas é, trí bhíthin rannpháirtíocht na mBallstát agus na ngníomhaithe ábhartha eile ar fad, torthaí an athbhreithnithe théamaigh piaraí a ullmhú, a eagrú, a chur chun feidhme agus a chur in iúl.

3. AITHNÍONN SÍ gur den riachtanas é comhordú agus comhlántacht mar is ceart a bheith ann idir na gníomhaíochtaí a shaothraíonn an Coimisiún agus na Ballstáit le tacaíocht ó ENSREG agus, nuair is infheidhme, le tacaíocht ó fhóraim ábhartha eile amhail WENRA, i gcomhar le heagraíochtaí tacaíochta teicniúla agus eolaíche, chun a áirithiú go n-éireoidh le ATPanna amach anseo.

***Próiseas cur chun feidhme***

4. IARRANN SÍ ar na Ballstáit beart a dhéanamh de réir a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta faoi mhí Mheán Fómhair 2019 i gcomhréir leis an teimpléad atá forbartha ag ENSREG;
5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirfidh ENSREG plean gníomhaíochta i dtoll a chéile faoi mhí Mheán Fómhair 2019 ina leagfar amach an chaoi a dtabharfar aghaidh ar na bearta a eascraíonn as na dúshláin a shainaithnítear in ATP agus, ina theannta sin, faoi mhí na Nollag 2021, tuarascáil stádais maidir le cur chun feidhme an chéad ATP;
6. MOLANN SÍ do na Ballstáit, i dteannta na sealbhóirí ceadúnais, an rialáil agus an cur chun feidhme a bhaineann leis na cláir maidir le bainistiú an aosaithe i leith a gcuid gléasraí núicléacha a fhiosrú;
7. MOLANN SÍ do na Ballstáit cláir chórasacha agus chuimsitheacha maidir le bainistiú an aosaithe a chur chun feidhme i leith imoibreoirí taighde i gcomhréir leis na ceanglais náisiúnta is infheidhme, mar aon le caighdeáin sábháilteachta agus dea-chleachtais idirnáisiúnta;

***Gníomhaíochtaí ar mhaithe le tuilleadh comhair agus trédhearcachta***

8. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cuireadh a thabhairt do thíortha de chuid chomharsanacht an Aontais leas a bhaint as a bheith rannpháirteach in athbhreithnithe téamacha piaraí AE agus aghaidh a thabhairt ar an leibhéal is airde de shábháilteacht núicléach i dtríú tíortha a chur chun cinn agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach;
9. MOLANN SÍ don Choimisiún iarraidh ar an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach scaipeadh leathan thorthaí an athbhreithnithe théamaigh piaraí a chur chun cinn;
10. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a bpleananna gníomhaíochta náisiúnta a chur in iúl ar bhealach trédhearcach, lena n-áirítear na bearta agus an clár ama comhfhreagrach is gá, trí ENSREG go háirithe, chun go bhféadfar obair leantach leordhóthanach a dhéanamh;

*Na chéad chéimeanna eile*

11. LEAGANN SÍ béim ar a thábhachtaí atá sé do na Ballstáit ceachtanna a fhoghlaim ón gcéad ATP seo, agus aiseolas a thabhairt don Choimisiún, do ENSREG agus do na grúpaí oibre lena mbaineann chun feabhas a chur amach anseo ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht athbhreithnithe piaraí agus chun cur le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ábhartha;

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhairle leis an gCoimisiún, tosú ar mhachnamh a dhéanamh ar ábhar an chéad ATP eile faoi chuimsiú ENSREG tráth nach déanaí ná trí bliana sula ndéanfar an chéad ATP eile in 2023, agus an taithí a fuarthas ón gcéad athbhreithniú á cur san áireamh.